Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Deireadh Fómhair 2017**
**(OR. en)**

**12950/17**

**AGRI 530**
**FAO 41**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 9 Deireadh Fómhair 2017 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12473/17 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle ag féachaint di don seachtú seisiún de Bhord Rialaithe an Chonartha Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht (ITPGRFA) (Kigali, Ruanda, 30 Deireadh Fómhair – 3 Samhain 2017)<br>- Conclúidí ón gComhairle (9 Deireadh Fómhair 2017) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san IARSCRÍBHINN a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle ag féachaint di don seachtú seisiún de Bhord Rialaithe an Chonartha Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht (ITPGRFA) mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3562ú cruinniú dá cuid, ar an 9 Deireadh Fómhair 2017.

# CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

## Conclúidí ón gComhairle ag féachaint di don seachtú seisiún de Bhord Rialaithe an Chonartha Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht (ITPGRFA) (Kigali, Ruanda, 30 Deireadh Fómhair – 3 Samhain 2017)

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

**1.** AG FÉACHAINT DO Chinneadh 2004/869/CE ón gComhairle an 24 Feabhra 2004[1] maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, an Chonartha Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht (dá ngairtear 'an Conradh idirnáisiúnta' anseo feasta) agus BÉIM Á LEAGAN aici air go bhfuil an tAontas gona Bhallstáit ina bPáirtithe Conarthacha sa Chonradh Idirnáisiúnta sin;

**2.** ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil an tAontas gona Bhallstáit tiomanta go láidir do chur chun feidhme an Chonartha Idirnáisiúnta, d'fhonn a áirithiú go ndéanfar acmhainní géiniteacha plandaí do bhia agus don talmhaíocht a chaomhnú, agus a úsáid go hinbhuanaithe, agus go mbeidh slándáil an tsoláthair bia agus cothú feabhsaithe le fáil ag cách;

**3.** AG MEABHRÚ DI a thábhachtaí atá an Conradh Idirnáisiúnta i dtaca leis an bPlean Gníomhaíochta Domhanda maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht a chur chun feidhme – ar ghlac an Coimisiún de chuid FAO maidir le hAcmhainní Géiniteacha do Bhia agus don Talmhaíocht é;

**4.** Á AITHINT DI go méadófar ar an spleáchas a bheidh ag tíortha ar a chéile i dtaca le hacmhainní géiniteacha plandaí do bhia agus don talmhaíocht, agus AG CUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI a thábhachtaí atá sé ag éirí go mbainfí leas iomlán as na huirlisí atá ar fáil faoin gConradh Idirnáisiúnta chun talmhaíocht inbhuanaithe agus slándáil an tsoláthair bia a bhaint amach, agus rannchuidiú, san am céanna, le caomhnú na hagrai-bhithéagsúlachta agus le hoiriúnú don athrú aeráide;

[1] IO L 378, 23.12.2004, lch. 1.

5. AG CUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI gur tualaing don Chonradh Idirnáisiúnta a bheith ina rannchuidiú chun cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach, ar comhaontú é ina n-aithnítear go sonrach a thábhachtaí atá caomhnú na bithéagsúlachta fad a bhaineann le bearta lena dtugtar aghaidh ar an athrú aeráide, agus go bhféadfadh Comhaontú Pháras a bheith ina chuidiú chomh maith céanna chun cuspóirí an Chonartha Idirnáisiúnta a bhaint amach;

6. AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI gur rannchuidiú tábhachtach é an Conradh Idirnáisiúnta do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2, 13 agus 15, agus AG MEABHRÚ DI a thábhachtaí atá an Conradh Idirnáisiúnta maidir le cur chun feidhme Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNCCC) agus an Choinbhinsiúin maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CBD), lena n-áirítear Sprioc Bhithéagsúlachta Aichi 13, agus a thábhachtaí atá sé, dá bhrí sin, an Conradh Idirnáisiúnta a chur san áireamh tráth a mbeidh straitéisí agus reachtaíocht (idir náisiúnta agus Eorpach) á ndearadh agus á gcur chun feidhme;

7. AG MEABHRÚ DI tiomantas an Aontais gona Bhallstáit don chomhtháthú beartas ar mhaithe le forbairt (PCD) ina n-éilítear nach mór aird a thabhairt ar chuspóirí an chomhair um fhorbairt i ngach beartas ar dóigh dó difear a dhéanamh do thíortha atá i mbéal forbartha, agus AG CUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI a thábhachtaí atá rannpháirtíocht an Aontais sa Chonradh, ina cháil mar mhórionstraim idirnáisiúnta, sa chomhthéacs sin; AG ATHDHEARBHÚ DI an Comhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt a glacadh le déanaí;

8. AG MEABHRÚ DI gur sainionstraim idirnáisiúnta rochtana agus sochar-roinnte atá sa Chonradh Idirnáisiúnta de réir bhrí Airteagal 4(4) de Phrótacal Nagoya agus Á CHUR IN IÚL GO LÁIDIR DI a thábhachtaí atá sé go dtacófaí go frithpháirteach, ar gach leibhéal, le cur chun feidhme Phrótacal Nagoya agus an Chonartha Idirnáisiúnta;

9. AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar a thábhachtaí atá an tacaíocht fhrithpháirteach, ar gach leibhéal, agus an Conradh Idirnáisiúnta agus an Coinbhinsiún maidir leis an Aontas Idirnáisiúnta um Chosaint Cineálacha nua Plandaí (UPOV) á gcur chun feidhme;

**Córas Iltaobhach**

10. MEABHRAÍTEAR DI nach mór do na Páirtithe Conarthacha, faoin gcóras iltaobhach rochtana ar acmhainní géiniteacha plandaí agus sochar-roinnte atá sa Chonradh Idirnáisiúnta (dá ngairtear an 'Córas Iltaobhach' anseo feasta), nach mór dóibh a gcuid acmhainní géiniteacha plandaí a áireamh sa Chóras Iltaobhach ionas go dtabharfar rochtain éascaithe ar na hacmhainní sin chun críocha taighde, caomhnaithe, agus pórúcháin, trí bhíthin comhaontú caighdeánach aistrithe ábhar;

11. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil an Comhaontú Caighdeánach Aistrithe Ábhar, a ghlac Bord Rialaithe an Chonartha Idirnáisiúnta in 2006, ina mhúnla éigeantach ag Páirtithe Conarthacha ar mian leo ábhar a fháil agus a chur ar fáil faoin gCóras Iltaobhach, agus gur leis an gComhaontú sin a shainítear na téarmaí frithpháirteacha arna gcomhaontú don mhalartú sin, lena n-áirítear coinníollacha maidir le sochar-roinnt airgeadaíochta a chruinnítear sa Chiste don Chomhroinnt Tairbhí;

12. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go rabhthas in ann, ó tháinig an Córas Iltaobhach i bhfeidhm deich mbliana ó shin, breis agus ceithre mhilliún acmhainn ghéiniteacha plandaí a mhalartú trí théarmaí caighdeánaithe, rud ba shiocair le tuilleadh taighde agus tréithriú níos fearr ar acmhainní géiniteacha plandaí, agus le forbairt a dhéanamh ar chineálacha nua ionas go bhfuil fáil níos fearr anois ar shíolta agus ar ábhar iomadaithe plandaí eile, atá oiriúnach do tháirgeadh bia a fheabhsú, agus gur rannchuidiú sin leis an oiriúnú don athrú aeráide; ní beag an éacht don Chonradh Idirnáisiúnta an rochtain éascaithe sin ar acmhainní géiniteacha plandaí a tugadh do gheallsealbhóirí den uile chineál – ní mór aitheantas a thabhairt don mhéid sin agus cur leis;

13. AITHNÍONN SÍ na hiarrachtaí atá déanta ag Páirtithe Conarthacha uile an Aontais chun a gcuid acmhainní géiniteacha plandaí a chur sa Chóras Iltaobhach; AITHNÍONN SÍ gurb iomaí geallsealbhóir Eorpach eile atá tar éis ábhar a chur sa Chóras Iltaobhach ar bhonn deonach – póraitheoirí príobháideacha, institiúidí taighde poiblí, feirmeoirí agus ENRanna – agus MOLANN SÍ dóibh leanúint den nós sin;

14. CUIREANN SÉ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil an Córas Iltaobhach ag dul chun tairbhe go díreach d'fheirmeoirí, do phóraitheoirí, agus d'institiúidí taighde poiblí ar fud an domhain; gurb iomaí cineál úsáideora ag an gCóras Iltaobhach, agus go bhfuil lárionaid de chuid CGIAR agus na hinstitiúidí náisiúnta taighde poiblí sna tíortha i mbéal forbartha ar chuid de na húsáideoirí is tábhachtaí atá ag an gCóras;

15. MEABHRAÍTEAR DI ranníocaíochtaí deonacha airgeadais na mBallstát, an Aontais Eorpaigh agus na ngeallsealbhóirí Eorpacha eile leis an gCiste don Chomhroinnt Tairbhí, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR na tionscadail a cuireadh chun feidhme agus na torthaí a baineadh amach i dtíortha atá i mbéal forbartha de bharr na ranníocaíochtaí sin;

**Feidhmiú an Chórais Iltaobhaigh a fheabhsú**

16. MEABHRAÍTEAR DI gur seoladh, ag an gCúigiú Seisiún de chuid Bhord Rialaithe an Chonartha Idirnáisiúnta in 2013, próiseas chun feabhas a chur ar fheidhmiú an Chórais Iltaobhaigh tríd an méid seo a leanas: (a) íocaíochtaí úsáideoir-bhunaithe agus ranníocaíochtaí leis an gCiste don Chomhroinnt Tairbhí a mhéadú go hinbhuanaithe agus go hintuartha, agus (b) feabhas a chur ar fheidhmiú an Chórais Iltaobhaigh le bearta breise;

**17.** IARRANN SÍ ar an Seachtú Seisiún de Bhord Rialaithe an Chonartha Idirnáisiúnta na céimeanna riachtanacha a ghlacadh chun an Córas Iltaobhach a neartú trí chinneadh a dhéanamh maidir le pacáiste beart, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

A. Córas a fhorbairt chun gur féidir ioncam intuartha inbhuanaithe a choinneáil leis an gCiste don Chomhroinnt Tairbhí, a mbeidh glacadh leis ag úsáideoirí agus soláthraithe, lena n-áirítear córas síntiús;

B. Solúbthacht leordhóthanach a choinneáil le haghaidh grúpaí úsáideoirí éagsúla trí shásra maidir le rochtain agus sochar-roinnt a choinneáil de mhalairt ar chóras síntiús;

C. Raon an Chórais Iltaobhaigh a leathnú chun go gcuimseofar gach acmhainn ghéiniteach plandaí do bhia agus don talmhaíocht; caithfidh an méid sin a bheith nasctha go dlúth le bunú an chórais síntiús;

**18.** LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go n-aithneofaí sa Chonradh Idirnáisiúnta gur buntáiste ann féin rochtain a thabhairt ar tháirgí le haghaidh tuilleadh taighde agus pórúcháin a bhfuil fáil gan srian orthu, amhail cineálacha atá faoi chosaint ag cearta maidir le cineálacha plandaí; CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR, dá bhrí sin, a riachtanaí atá sé go ndéanfaí idirdhealú soiléir idir na táirgí sin atá ar fáil le haghaidh tuilleadh taighde agus pórúcháin agus iad siúd nach bhfuil;

**19.** CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór cur chuige cothromaithe a bheith ann idir rochtain ar thaobh amháin agus comhroinnt tairbhí ar an taobh eile ionas go gcoinnítear ar bun rochtain éascaithe ar acmhainní géiniteacha plandaí agus go deimhin go méadaítear an rochtain sin san am atá le teacht;

**Straitéis Chistiúcháin**

**20.** LEAGANN SÍ BÉIM air go ndéanann an tAontas gona Bhallstáit maoiniú ar roinnt mhaith clár agus tionscadal, a chuidíonn le straitéis chistiúcháin an Chonartha Idirnáisiúnta – cláir um chomhar forbraíochta agus tionscadail darb aidhm acmhainní géiniteacha plandaí a chaomhnú agus a úsáid go inbhuanaithe (lena n-áirítear cearta feirmeoirí a neartú) d'fhonn an talmhaíocht inbhuanaithe a fhorbairt, an t-oiriúnú don athrú aeráide a chur chun cinn, agus taighde talmhaíochta agus nithe eile nach é a fhorbairt;

**21.** CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur minic a mheastar na ranníocaíochtaí sin faoi bhun a luacha agus gur cheart iad a áireamh ar bhealach níos fearr;

22. MOLANN SÍ do gach tír caomhnú agus úsáid inbhuanaithe acmhainní géiniteacha plandaí chun críocha bia agus talmhaíocht a chur san áireamh agus tús áite a thabhairt dóibh ina mbeartais talmhaíochta (agus i mbeartais eile nach iad) d'fhonn maoiniú na n-earnálacha sin a mhéadú mar rannchuidiú le cur chun feidhme an Chonartha Idirnáisiúnta;

23. AITHNÍONN SÍ an tábhacht a bhaineann leis na ranníocaíochtaí a dhéantar le Ciste na gCríoch Comhaontaithe, ar cuid é den Chonradh Idirnáisiúnta, agus leis an gCiste don Chomhroinnt Tairbhí; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR tábhacht na ranníocaíochtaí atá déanta ag an Aontas gona Bhallstáit leis na cistí sin;

24. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuiltear ag dréim leis go nginfidh lucht úsáide an chórais nua atá beartaithe íocaíochtaí don Chiste don Chomhroinnt Tairbhí, ach LEAGANN SÍ BÉIM AIR gur bhain agus go mbainfidh tábhacht feasta le ranníocaíochtaí deonacha as foinsí éagsúla i dtaca le cur chun feidhme iomlán na straitéise cistiúcháin atá sa Chonradh;

25. AITHNÍONN SÍ go bhfuil rannchuidiú nach beag déanta ag an Iontaobhas Domhanda um Éagsúlacht Bharra i dtaca le cur chun feidhme an Chonartha Idirnáisiúnta, agus go bhfuil a chion féin den dul chun cinn déanta ag an Iontaobhas chun a mhisean a chomhlíonadh i.e. á áirithiú go mbeidh caomhnú *ex situ* ina chuid den iarracht dhomhanda acmhainní géiniteacha plandaí chun críocha bia agus talmhaíochta a chaomhnú agus a úsáid go hinbhuanaithe; ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé acmhainní a shlógadh freisin i gcomhair caomhnú *in situ* agus *ar an bhfeirm*;

**Úsáid Inbhuanaithe**

26. AITHNÍONN SÍ go bhfuil tábhacht leis na forálacha atá sa Chonradh Idirnáisiúnta maidir le húsáid inbhuanaithe chun dul i ngleic le dúshláin chriticiúla a bhaineann le slándáil an tsoláthair bia agus le cothú, chomh maith le hoiriúnú don athrú aeráide, agus le hearnáil talmhaíochta níos inbhuanaithe agus níos athléimní a thógáil;

**Cearta Feirmeoirí**

27. CUIREANN SÍ I dTREIS an rannchuidiú tábhachtach a fhaightear ó fheirmeoirí agus ó phobail áitiúla i dtaca le caomhnú agus forbairt a dhéanamh ar acmhainní géiniteacha plandaí;

28. AITHNÍONN SÍ go gcuideoidh cur chun feidhme Airteagal 9 den Chonradh Idirnáisiúnta maidir le 'Cearta Feirmeoirí' ar an leibhéal náisiúnta le feirmeoirí rannchuidiú le caomhnú agus le húsáid inbhuanaithe acmhainní géiniteacha plandaí chun críocha bia agus talmhaíochta don am atá le teacht;

**Córas Faisnéise Domhanda**

**29.** LEAGANN SÍ BÉIM ar an dul chun cinn a rinneadh i ndáil le córas faisnéise domhanda a bhunú ionas go gcruthófaí pointe iontrála domhanda d'fhaisnéis agus d'eolas d'fhonn an acmhainn caomhnaithe, bainistithe agus úsáide a fheabhsú i dtaca le hacmhainní géiniteacha plandaí chun críocha bia agus talmhaíochta;

**30.** TACAÍONN SÍ leis na moltaí a rinne an Coiste Comhairleach Eolaíoch go gcuirfí leis na hidirnaisc atá ann leis na córais agus bunachair reatha ionas dúbláil a sheachaint agus leis an moladh go bhfiosrófaí tuilleadh de na hidirnaisc sin.